



Leis an Marc Taistil Níos Cliste, déantar aithint agus ceiliúradh ar eagraíochtaí atá tiomanta do thacú le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe dá bhfórsa oibre, dá mic léinn agus dá gcuairteoirí.

Spreagann an tÚdarás Náisiúnta Iompair tuilleadh úsáide a bhaint as iompar inbhuanaithe trí infheistíocht a sholáthar le haghaidh bonneagar taistil ghníomhaigh agus trí bhealaí agus seirbhísí iompair phoiblí a fheabhsú.

Oibríonn an clár um Thaisteal Níos Cliste le heagraíochtaí chun athrú iompraíochta a éascú maidir leis an siúl, leis an rothaíocht, le húsáid an iompair phoiblí agus leis an gcarr-roinnt.

Is féidir le comaitéireacht gníomhach agus inbhuanaithe cabhrú le gníomhaíocht fhisiciúil a chomhtháthú isteach i dturais thráthrialta.

Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí ar fud na hÉireann iarratas a dhéanamh ar an Marc Taistil Níos Cliste chun aitheantas a fháil as a dtiomantas do thaisteal inbhuanaithe le haghaidh turais chomaitéireachta agus turais eile.

Cad is an Marc Taistil Níos Cliste ann?

Is é is an Marc ann ná deimhniú trí chiseal lena ndéantar aithint agus ceiliúradh ar eagraíochtaí a thacaíonn le comaitéireacht ghníomhach agus inbhuanaithe agus le laghdú in úsáid charranna aon duine amháin i measc a mball foirne, a mac léinn agus a gcuairteoirí. Féadfaidh eagraíochtaí a bhfuil roinnt láithreán in Éirinn acu a roghnú deimhniú láithreánbhunaithe nó deimhniú uile-chuideachta a lorg má bhaineann 80% ar a laghad dá gcuid ball foirne agus mac léinn tairbhe as na bearta.

Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar an Marc Taistil Níos Cliste?

Féadfaidh aon fhostóir ón eanáil phríobháideach nó ón eanáil phoiblí, beag beann ar a méid, iarratas a dhéanamh ar an Marc Taistil Níos Cliste.

"Tá tionscnaimh thaistil inbhuanaithe atá faoi stiúir an fhostóra ina gcuid dhílis de thionchar ár spleáchais ar an gcarr mar mhodh taistil a laghdú. Tosaíocht is ea astaíochtaí carbóin a laghdú agus plódú tráchta a mhaolú.

Cuid den réiteach is ea dearthaí agus iompraíochtaí a athrú de réir mar a bhaineann siad leis an siúl, leis an rothaíocht, le húsáid an iompair phoiblí agus leis an gcarr-roinnt le haghaidh turais chomaitéireachta agus turais eile.

Is féidir le háiteanna oibre agus le campais a bheith mar chuid den réiteach trí bhearta a chur chun feidhme lena ndéantar roghanna taistil inbhuanaithe a éascú, a chur ar aghaidh agus a chothú dá bhfórsa oibre, dá mic léinn agus dá gcuairteoirí."

Anne Graham, Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Náisiúnta Iompair



Leibhéal Deimhniúcháin



Deimhniú óir – tá bearta sármhaithe lena dtacaítear le comaitéireacht inbhuanaithe agus ghníomhach i bhfeidhm ag an eagraíocht, agus tá sí tiomanta d'infheistíocht fhadtéarmach agus ceannaireacht i dTaisteal Níos Cliste.



Deimhniú airgid – tá raon leathan beart lena dtacaítear le comaitéireacht inbhuanaithe agus ghníomhach i bhfeidhm ag an eagraíocht agus tá sí tiomanta do thuilleadh gníomhartha Taistil Níos Cliste a dhéanamh.



Deimhniú cré-umha – tá bearta bunúsacha lena dtacaítear le comaitéireacht inbhuanaithe agus ghníomhach i bhfeidhm ag an eagraíocht agus tá sí tiomanta do thuilleadh gníomhartha Taistil Níos Cliste a dhéanamh.

Beidh an deimhniú bailí ar feadh trí bliana.

Na dóigheanna a dtacaítear le d'eagraíocht tríd an Marc Taistil Níos Cliste a bheith aici

- Tugtar aitheantas náisiúnta do thiomantas d'eagraíochta do thaisteal gníomhach agus inbhuanaithe leis
- Cuirtear comhtháthú na gníomhaíochta fisiciúla isteach i gcomaitéireacht na mball foirne agus na mac léinn chun cinn leis
- Feabhsaítear leis an clú atá ag d'eagraíocht mar fhostóir a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe
- Tugtar cabhair do d'eagraíocht leis cleachtais taistil ghníomhaigh agus inbhuanaithe a thagarmharcáil i measc piaraí.

Céimeanna i dtreo an Marc Taistil Níos Cliste a bhaint amach

1. Líon isteach an fhoirm um Léiriú Spéise
2. Freastail ar sheimineár Gréasáin faisnéise ina míneofar na céimeanna i dtreo an Marc a bhaint amach
3. Cuir isteach an fhoirm iarratais
4. Ullmhaigh le haghaidh iniúchadh ar líne nó iniúchadh ar an láithreán chun an t-iarratas a fhíorú
5. Bronnfar deimhniú an Mhairc Taistil Níos Cliste ar eagraíochtaí nó tabharfar moltaí le haghaidh feabhais dóibh

Déan iarratas ar an Marc Taistil Níos Cliste

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Ghradam an Mhairc Taistil Níos Cliste agus faoi conas iarratas a dhéanamh air, téigh chuig www.smartertravelmark.ie nó déan teagmháil le info@smartertravelworkplaces.ie